An Taibhdhearc
Amharclann Náisiúnta na Gaeilge
National Irish Language Theatre

Tá *An Taibhdhearc* ag earcú

Fógra Poist:

**Bainisteoir Margaíochta agus Rannpháirtíochta**

Is í *An Taibhdhearc* Amharclann Náisiúnta na Gaeilge. Cruthaíonn muid, cuireann muid i láthair, agus tacaíonn muid leis na taibhealaíona, a chuimsíonn an nnuálaíocht agusan ilghnéitheacht. Déanann muid é seo le agus ar son ealaíontóirí agus pobal na Gaeilge ar fud na tíre agus ar fud an domhain. Tá an eagraíocht lonnaithe i bhfoirgneamh stairúil i lár Chathair na Gaillimhe leis na háiseana seo a leanas ann: Amharclann le 147 suíochán, spás stiúideó do chruinnithe agus don chleachtadh, oifigí chomh maith le caifé/beár ann d'imeachtaí agus d'ócáidí.

**Achoimre ar an Ról**

Tá An Taibhdhearc ag lorg Bainisteoir Margaíochta agus Rannpháirtíochta dinimiciúil, tiomanta agus duine atá taithí ábhartha acu. Beidh an té a cheapfar freagrach as gach feachtas margaíochta don amharclann a chruthú agus a threorú chun na léiriúcháin a chur chun cinn. Beidh ról ríthábhachtach ag an mBainisteoir Margaíochta agus Rannpháirtíochta tacú le huaillmhianta ealaíne na Taibhdheirce agus iad á cur chun cinn thar phunann spreagúil clár agus gníomhaíochtaí ar feadh na bliana. Tugann an ról seo deis cumarsáide na heagraíochta a mhúnlú trí shamhlaíocht agus smaointe nua. Tá an ról oiriúnach do dhuine straitéiseach agus praiticiúil le taithí acu in earnáil cumarsáide/margaíochta.

B'fhearr go mbeadh paisean ag an mBainisteoir Margaíochta agus Rannpháirtíochta agus iad ag labhairt agus ag éisteacht lenár lucht féachana. Beidh siad ina saineolaí ar threochtaí reatha digiteacha agus margaíochta, le tuiscint acu ar a bhfuil le teacht ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, tá dhuine an-phointeáilte á lorg againn a dhíreodh ar shonraí; duine atá cruthaitheach agus comhoibritheach; le grá acu don chultúr, na taibhealaíona agus an Ghaeilge. Beidh siad ar bís agus bródúil as a bheith mar chuid d'fhís nua na Taibhdheirce.

**Freagrach do:**

Beidh an Bainisteoir Margaíochta agus Rannpháirtíochta freagrach don Stiúrthóir Ealaíne atá ag obair go dlúth leis an bhfoireann shinsearach: Ceannasaí Léiritheoireachta agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin - agus rachaidh siad i mbun plé le poiblitheoir seachtrach, leis an bhFoireann Tí agus Oifig na dTicéad.

**Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí**

**Margaíocht & Cumarsáid**

- Cuirfidh siad feachtais mhargaíochta saincheaptha le chéile agus a fhorbairt do léiriúcháin intí agus do chompántas ar cuairt.

- Déanfaidh siad gníomhaíocht margaíochta institiúideach a bhainistiú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
- Beidh siad i gceannas ar fhorbairt agus déanfaidh siad maoirseacht ar gach ábhar margaíochta a chruthú agus cinnteoidh siad go gcoinnítear ardchaighdeáin chruthaitheachta, cháilíochta agus inrochtaineachta ar fud na mbealaí go léir agus cinnteoidh siad ag an am céanna go gcomhlíontar spriocdhátaí cuí.
- Rachaidh siad i mbun plé le dearthóirí seachtracha, printéirí agus conraitheoirí eile nuair is gá, ag cinntiú go gcomhlíontar spriocdhátaí agus táirgí insoláthartha tábhachtacha.
- Comhoibriú i riaradh an bhuiséid mhargaíochta, lena n-áirítear rianú ordaithe ceannaigh agus sonraisc, ag cinntiú go gcoinnítear taifid iomlána chuí.
- Anailís a dhéanamh ar léargas na gcustaiméirí, treochtaí tomhaltóirí, anailís ar an margadh, agus dea-chleachtais mhargaíochta chun straitéisí rathúla a thógáil.

**Caidreamh Poiblí (PR)**

- Rachaidh siad i mbun plé le poiblitheoir seachtrach chun straitéisí cuimsitheacha PR a cheapadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

**FORBAIRT AN LUCHT FÉACHANA**

- Tuiscint agus taithí dhomhain a fhorbairt ar an lucht féachana reatha agus féideartha.
- Ceannaireacht a thógáil le lucht féachana nua a fhorbairt agus caidreamh le lucht féachana reatha a choinneáil agus a neartú ag an am céanna.
- Caidreamh a chothú le páirtithe leasmhara seachtracha d'fhonn deiseanna fadtréimhseacha agus deiseanna forbartha an luchta féachana a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh.

**MARGAÍOCHT DHIGITEACH**

- Bainistigh an suíomh gréasáin agus na meáin shóisialta, agus beidh an té freagracht as ábhar a sholáthar, leithdháileadh buiséid, fógraíocht íoctha agus seirbhís do chustaiméirí ar líne.
- Bainistigh an cuntas Google Ads chun a chinntiú go n-uasmhéadaíonn an t-ionad acmhainneacht a dheontas míosúil Google Ad.
- Sceidil ábhar orgánach agus íoctha a fhorbairt, a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun lucht féachana atá ann cheana agus lucht féachana nua a mhealladh.

- Téigh i mbun plé leis an mBainisteoir Fáilteachas / le Bainisteoir na hOifige Ticéad lena chinntiú go ndéantar gach léiriú a uaslódáil i gceart ar an suíomh gréasáin sula gcuirfear dátaí ar díol.
- Tuairiscí rialta a chur le chéile agus a chur i láthair ar fheidhmíocht na gníomhaíochta digití go léir.
- Feachtais mhargaíochta ríomhphoist a chruthú agus a fhorbairt ar mhaithe le cumarsáid rialta leis an lucht féachana agus tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht feachtais.
- Súil a choinneáil ar gach teachtaireacht, ceist agus idirghníomhaíocht an luchta féachana ar fud ár n-ardán meán sóisialta.
- Bunachair shonraí an luchta féachana a choinneáil, ar aon dul le dea-chleachtas an RGCS.
- Cur chun cinn na Taibhdheirce agus a cuid oibre a chur chun cinn trí ábhar deartha agus físe, ag dul i dteagmháil le grianghrafadóirí seachtracha agus físghrafadóirí nuair is gá.

**GINEARÁLTA**

- Bunachair sonraí cuiridh agus RSVP a bhainistiú, agus cabhair le pleanáil agus bainistiú imeachtaí eile de réir mar is gá.
- Téigh i mbun plé leis na foirne Tí agus Gnó chun le cinntiú go bhfuil na taispeántais agus comharthaíocht thráthúil agus chuí.
- Bí i d'urlabhraí ag réamhléirithe, ag an chéad léiriú agus an léiriú deireanach, camchuairteanna agus imeachtaí seachtracha de réir mar is gá don Taibhdhearc.
- De réir forbairt riachtanas na heagraíochta, d'fhéadfadh iarraidh ort tabhairt faoi dhualgais eile ó am go ham.

**SONRAÍOCHT FAOIN PHEARSA**

Beidh an t-iarrthóir rathúil ina dhuine dinimiciúil, díograiseach agus tiomanta le paisean acu don mhargaíocht agus bua na cumarsáide/margaíochta acu.

Beidh an méid seo a leanas ag an iarrthóir idéalach:

- Taithí agus eolas ábhartha acu ag obair in earnáil na hamharclainne agus in earnáil ealaíne na Gaeilge.
- Oiliúint - Céim Mhargaíochta, Céim Mhargaíochta agus Léann Amharclannaíochta nó a chomhionann.
- Scileanna Gaeilge - Gaeilge dheisbhéalach agus ardchaighdeán ag scríobh/léamh na teanga.
- Sárscileanna anailíseacha, tuiscint ar threochtaí díolacháin agus patrúin an luchta féachana ar Ticketsolve agus díolacháin eile.

- Tuiscint láidir ar staidreamh airgeadais chun teicnící margaíochta a mheas.
- Ar do chumas smaoineamh as an nua agus fadhbanna a réiteach.
- Scileanna maithe cumarsáide le daoine ag gach leibhéal, réimse pearsantachtaí a bhainistiú agus a bheith ag obair mar fhoireann.
- Cur chuige dinimiciúil i leith na hoibre agus ar do chumas obair i dtreo spriocdhátaí i gcónaí agus go cruinn ar spriocdhátaí i dtimpeallacht ghasta.
- Tuiscint maith ar gach bunphacáiste ríomhaireachta agus ardáin mheán digiteach.

**Sonraí an Phoist**

**Tuarastal:** €60k in aghaidh aghaidh na bliana ag brath ar thaithí agus cáilíochtaí. Braithfidh na huaireanta oibre ar an gclár ama léirithe, imeachtaí agus feidhmiúcháin.

**Córas ama:** Beidh córas am cúitimh i bhfeidhm. Caithfidh aon uaireanta breise a bheith aontaithe roimh ré leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

**Tréimhse Phromhaidh:** 6 mhí le hathbhreithniú.

**Pinsean:** Ranníocaíocht fostóra suas go 5% ag brath ar ranníocaíochtaí an fhostaí.

**Láthair Oibre:** An Taibhdhearc, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge, 19 An tSráid Láir, Gaillimh. Beidh suíomhanna eile i gceist ag brath ar obair léiriúcháin.

**Saoire:** 21 lá sa bhliain, móide laethanta saoire poiblí.

**Tosú:** De réir socraithe a bheas aontaithe leis an té a cheapfar.

Táthar ag súil go gcuirfidh gach ball foirne oiliúint Safe to Create, Inrochtaineacht do Dhaoine faoi Mhíchumais, LADTA+, agus oiliúint Tús Áite do Leanaí i gcrích. Tugaimid ugach do gach duine a bheith gníomhach i saol ealaíne na heagraíochta.

**Cúrsaí Comhionannais agus Cuimsithe:**
Tá An Taibhdhearc tiomanta d’áit oibre éagsúil agus chuimsitheach a chruthú. Cuirimid fáilte ar leith roimh iarratais ó dhaoine a ndéantar tearcionadaíocht orthu, lena n-áirítear daoine de dhath, ó thaobh eitneachais de, daoine faoi mhíchumas, baill den Lucht Siúil, agus an pobal LADTA+. Cuir in iúl dúinn má theastaíonn uait go ndéanfadh muid socrú rochtana duit chun go mbeidh tú in ann páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas earcaíochta. Tá An Taibhdhearc tiomanta do dheiseanna comhionannais agus tá muid ag déanamh ár ndíchill ar son an chomhionannais, na cothromaíochta agus na hionadaíochta.

Más mian leat comhrá neamhfhoirmiúil a bheith agat faoin ról seo, déan teagmháil leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin trí ríomhphost a sheoladh chuig b.oflatharta@antaibhdhearc.ie chun am oiriúnach a shocrú. Ba bhreá linn cloisteáil uait.

**Iarratas a dhéanamh:**

Chun iarratas a dhéanamh, seol do CV agus litir chumhdaigh (dhá leathanach ar a mhéad) ina ndéantar cur síos ar an gcaoi a sásaíonn na scileanna agus an taithí atá agat riachtanais an róil seo chuig b.oflatharta@antaibhdhearc.ie le "Iarratas ar Phost - Bainisteoir Margaíochta agus Rannpháirtíochta " sa líne ábhair.

- Is é an spriocdháta d'iarratais ná an Aoine 9ú Bealtaine.
- Beidh agallaimh á reáchtáil i nGaeilge ar an 12/5/2025.
- Is féidir freastal ar an agallamh ar an láthair (i nGaillimh) nó go cianda ar Zoom.
- D'fhéadfadh babhta eile agallamh a bheith de dhíth. Sa gcás go dtarlódh sé sin, beidh na hagallaimh sin ar siúl an tseachtain dar tús an 19/5/2025.